



An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2017
(OR. en)

9524/17

Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0397 (COD)

SOC 420
EMPL 327
CODEC 891

TUARASCÁIL

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe / An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	9200/17 SOC 338 EMPL 253 CODEC 812
Uimh. an doic. ón gCoim.:	15642/16 SOC 812 EMPL 549 CODEC 1910 + ADD 1 - ADD 8 - COM(2016) 815 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 a chur chun feidhme (Téacs atá ábhartha maidir le LEE agus leis an Eilvéis) - Tuarascáil ar dhul chun cinn

I. RÉAMHRÁ

Ar an 13 Nollaig 2016, thíolaic an Coimisiún an togra chun leasú a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 a chur chun feidhme. Tá an togra bunaithe ar Airteagal 48 CFAE.

Is é cuspóir ginearálta an togra leanúint de rialacha de chuid an Aontais maidir le comhordú slándála sóisialta a nuachóiriú trí rialacha atá níos cothroime agus níos soiléire ná mar a bhí a chinntiú, agus trí infhorghníomhaitheacht na rialacha a fheabhsú, rud a chuideodh le saorghluaiseacht daoine san Aontas a éascú. Díritear ar chúig réimse go háirithe sa togra:

- (i) sochair dífhostaíochta,
- (ii) sochair cúraim fhadtéarmaigh,
- (iii) rochtain saoránach soghluaiste atá neamhghníomhach go heacnamaíoch ar shochair shóisialta áirithe agus
- (iv) sochair teaghlaigh
- (v) reachtaíocht is infheidhme maidir le hoibrithe arna bpostú agus arna seoladh agus daoine a oibríonn in dhá Bhallstát nó níos mó.

I gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, rinne an Coimisiún measúnú tionchair ar roghanna beartais a d'fhéadfaí a ghlacadh ina ndearnadh meastóireacht ar éifeachtúlacht agus comhsheasmhacht eacnamaíoch, shóisialta, rialála agus fhoriomlán na roghanna ó thaobh chuspóirí móra an Aontais Eorpaigh de. Sa mheasúnú tionchair, cumhdaíodh na ceithre réimse den togra, ach níor áiríodh na tograí maidir leis na rialacha riaracháin faoi chomhordú slándála sóisialta a bhaineann le reachtaíocht is infheidhme a threisiú, go háirithe i gcás oibrithe arna bpostú, agus measadh go ndéantar soiléiriú sna rialacha sin ar oibleagáidí atá ann faoi na Rialacháin reatha nó gur de chineál teicniúil amháin iad. Sular thíolaic an Coimisiún an togra, chuaigh sé i gcomhairle le páirtithe leasmhara, agus ba mhinic sin, lena n-áirítear Ballstáit sa Choimisiún Riaracháin agus na comhpháirtithe sóisialta. Ina theannta sin, seoladh dhá chomhairliúchán phoiblí i mí na Nollag 2012 agus i mí Iúil 2015.

Is é Airteagal 48 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an bunús dlí molta, ina gceanglaítear go ngníomhóidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach.

Níor thug Parlaimint na hEorpa a tuairim uaithe fós.

I gcomhréir leis an mbrollach a bheartaítear a bheith ag gabháil leis an Rialachán leasaitheach, ar an 15 Feabhra, d'fhormheas Coiste na mBuanionadaithe comhairliúchán roghnach de chuid Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE). Níor thug CESE ná Coiste na Réigiún a dtuairim uathu fós.

Meastar go bhfuil forchoimeádais ghinearálta ghrinnscrúdaithe fós ag gach toscaireacht maidir leis an togra. Dhearbhaigh an Coimisiún an togra bunaidh um an dtaca seo agus tá forchoimeádas grinnscrúdaithe fós aige maidir le haon athruithe air sin.

Baineann uimhriú na míreanna (in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II) leis an togra ón gCoimisiún (15642/16).

II. OBAIR NA COMHAIRLE FAOI UACHTARÁNACHT MHÁLTA

Thosaigh an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta (MCS) ar an togra a scrúdú ar an 30 Eanáir 2017 agus phléigh sí an comhad deich n-uaire. Thug sí trí chruinniú do bharúlacha ginearálta agus don mheasúnú tionchair gaolmhar. Seoladh ceistneoir chuig na toscaireachtaí agus thug tromlach na mBallstát freagra air – phléigh MCS na freagraí ar an gceistneoir ar an 16 Feabhra. Tá achoimre ar an bplé a rinneadh faoin measúnú tionchair le fáil in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Tuarascáil seo.

Thug Uachtaránacht Mhálta aghaidh ar chodanna den togra a bhaineann le 'cóir chomhionann agus rochtain saoránach soghluaiste atá neamhghníomhach go heacnamaíoch ar shochair shóisialta áirithe' agus 'reachtaíocht is infheidhme'. Léiríodh go ndearnadh dul chun cinn mór ar fhorhór na bhforálacha. Ar a shon sin, is gá a thuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar roinnt saincheisteanna mar gheall ar an gcastacht dlí agus theicniúil a bhaineann leo.

Seo a leanas garspriocanna príomha obair na hUachtaránachta ar an gcomhad:

**1. CÓIR CHOMHIONANN AGUS ROCHTAIN SAORÁNACH SOGHLUAISTE
ATÁ NEAMHGHNÍOMHACH GO HEACNAMAÍOCH AR SHOCHAIR
SHÓISIALTA ÁIRITHE**

**Teorainneacha ar an gcóir chomhionann maidir le rochtain saoránach soghluaiste
atá neamhghníomhach go heacnamaíoch ar shochair shóisialta (Aithrisí 2, 2a
(nua), 5, 5-a (nua), 5a, 5aa (nua), 5b, 5c, 47, 48; Airteagal 4, Airteagal 4a (nua)
agus Airteagal 70(4a) (nua)**

Foráiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le déileáil go comhionann le daoine faoi raon feidhme pearsanta an rialacháin agus le náisiúnaigh ó aon Bhallstát, ó thaobh sochair agus oibleagáidí faoina reachtaíocht. Mhol an Choimisiún go soiléireofaí i mír nua 2, i ndáil le rochtain saoránach soghluaiste de chuid an Aontais atá neamhghníomhach go heacnamaíoch ar shochair slándála sóisialta, go bhféadfaidh prionsabal na córa comhionainne a bheith faoi réir an cheanglais cónaí dlíthiúil a bheith ag duine mar a leagtar amach i dTreoir 2004/38/CE. Ina thogra tosaigh, bhí sé mar aidhm ag an gCoimisiún na cásanna seo a leanas de chuid na Cúirte Breithiúnais a chódú: C-308/14 An Choimisiún Eorpach in aghaidh Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, C-140/12 Brey, agus C-333/13 Dano.

Rinneadh plé mion ar an maolú ó bhunphrionsabal na cóire comhionainne agus ar an gcódú atá beartaithe ag an gCúirt Bhreithiúnais a dhéanamh ar an gcásdlí atá ann cheana. Mheas na toscaireachtaí nár cuireadh na forbairtí uile sa réimse seo san áireamh sa togra ón gCoimisiún, agus gur cheart, ina theannta sin, cásdlí eile a chur i gcuntas, is é sin cás C-67/14 Alimanovic agus cás C-299/14 Garcia-Nieto.

Maidir le dlí-eolaíocht na Cúirte Breithiúnas, tá toscaireachtaí i gcoitinne ar aon tuairim go gceadaítear do Bhallstáit (ach nach n-éilítear orthu) rochtain a fháil ar shochair airgid speisialta neamh-ranníocacha, ar cúnamh sóisialta freisin iad, chun críocha Threoir 2004/38/CE faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 24 den Treoir sin. Mar sin féin, níl siad uile ar aon tuairim faoin gcur chuige atá le glacadh maidir le códú.

Tá dhá ghrúpa toscaireachtaí, agus dhá chur chuige éagsúla acu, tagtha chun cinn: d'iarr roinnt toscaireachtaí nach mbainfí le prionsabal bunúsach na cóire comhionainne faoi Airteagal 4 agus go ndéanfaí foráil maidir le códú i bhforálacha aonair, agus mhol toscaireachtaí eile go dtabharfaí an códú isteach go díreach in Airteagal 4, mar a mhol an Coimisiún. D'iarr an dara grúpa go dtabharfaí forálacha breise isteach in Airteagal 4 ós rud é gur cumhdaíodh catagóirí éagsúla daoine a thagann faoi Threoir 2004/38/CE sa chásdlí a bhaineann le Brey agus Dano agus sa chásdlí a bhaineann le Alimanovic agus Garcia-Nieto. Códáíodh na ceithre bhreithiúnas sin trí mhír 4a nua a thabhairt isteach faoi Airteagal 70 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, ós rud é go mbaineann siad uile le sochair airgid speisialta neamh-ranníocacha.

Bhí códú an cháis, C-308/14 - An Coimisiún in aghaidh na Ríochta Aontaithe, ar cheann de na saincheisteanna ba chonspóidí nach raibh toscaireachtaí in ann teacht ar chomhaontú ina leith. Bhain an plé go háirithe le cibé acu an bhfuil feidhm ag an gcás seo maidir le gach sochar slándála sóisialta neamh-ranníocach, nó cibé acu ar cheart feidhm shriantach a bheith aige maidir le sochair teaghlaigh, amhail na sochair faoi shaincheist sa chás sin, agus códú lena n-áirítear mír nua in Airteagal 67 i dTeideal III Caibidil 8 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 seachas foráil i dTeideal I.

Le linn an chruinnithe dheireanaigh a bhí ag an Meitheal, bhí an líon is mó de na toscaireachtaí i bhfabhar na rogha gur cheart gach sochar slándála sóisialta neamh-ranníocach a chumhdach i gcódú an chásdlí sin, de rogha ar shochair teaghlaigh amháin. Mar sin, thug an Uachtaránacht Airteagal 4a nua isteach a bhfuil sé mar aidhm aige cás C-308/14 - An Coimisiún in aghaidh na Ríochta Aontaithe a chódú.

Cé gur cosúil go nglacann formhór na dtoscaireachtaí le hAirteagal 70(4a)¹ mar a mhol an Uachtaránacht, is gá breis oibre a dhéanamh ar leibhéal na saineolaithe ('sochair slándála sóisialta neamh-ranníocha a chumhdaítear le hAirteagal 3' fágtha idir lúibíní, féach Iarscríbhinn I, Aithris 5a agus Airteagal 4a(1)) chun cás C-308/14 - An Coimisiún in aghaidh na Ríochta Aontaithe a chódú.

¹ Athuimhríodh Airteagal 70(4a) agus baineann sé le hAirteagal 70(5) mar a bhí sa téacs comhréitigh is déanaí de chuid na hUachtaránachta.

Bunaithe ar an bplé, shoiléirigh an Uachtaránacht, ina theannta sin, in Airteagal 4a(2) nua agus in Aithris 5a nua, gur cheart feidhm a bheidh ag na teorainneacha maidir le daoine a chumhdaítear leis an Rialachán seachas saoránaigh de chuid an Aontais Eorpaigh, is é sin daoine agus dídeanaithe gan stát mar aon lena gcuid ball teaghlaigh agus marthanóirí nach gcomhlíonann na coinníollacha a bhaineann le cónaí dlíthiúil i gcomhréir le forálacha ábhartha eile de chuid dhlí an Aontais. Tá an méid sin bunaithe ar chomhaontú ginearálta sa Mheitheal nár cheart déileáil leis na daoine sin le níos mó fabhair ná mar a dhéileáiltear le saoránaigh an Aontais.

Ina theannta sin, molann an Uachtaránacht Aithris 5-a nua (i ndáil le hAirteagal 70(4a) lena gcódaítear na breithiúnais, Brey, Dano, Alimanovic agus Garcia-Nieto), Aithris 5a (i ndáil le hAirteagal 4a lena gcódaítear an breithiúnas, an Coimisiún in aghaidh na Ríochta Aontaithe), Aithris 5aa nua (i ndáil leis an soiléiriú a bhaineann lena áirithiú nach ndéileáiltear le náisiúnaigh de chuid Ballstáit le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear le daoine eile a chumhdaítear leis an Rialachán i gcás inchomparáide). Bunaithe ar thoradh an phlé a bhí ar siúl ar leibhéal na saineolaithe, molann an Uachtaránacht Aithris 5b maidir le hárachas breoiteachta cuimsitheach a scríosadh, Aithris 5c ina dtagraítear don Chairt um Chearta Bunúsacha a scríosadh agus Aithris 47 agus Aithris 48 a chumasc in aon aithris amháin (Aithris 47). Tháinig an Mheitheal ar chomhaontú ginearálta faoin gcur chuige sin.

2. REACHTAÍOCHT IS INFHEIDME

(a) Foireann eiltile nó foireann cábáin

(i) Aithris 18b agus Airteagal 11(5) de Rialachán 883/2004

Cinntear in Airteagal 11(5) de Rialachán 883/2004 go measfar gníomhaíocht foirne eiltile nó foirne cábáin a bheith á déanamh sa Bhallstát ina bhfuil an bhunáit suite. Sa togra ón gCoimisiún, déantar nuashonrú ar Airteagal 11(5) agus Aithris 18b le go mbeadh sé i gcomhréir leis an sainmhíniú nua ar "bunáit" i Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún.

Níor tháinig aon saincheisteanna móra chun cinn le linn chruinniú na Meithle maidir leis an nuashonrú sin – mar sin féin, chaith roinnt Ballstát amhras ar cibé acu an praiticiúil a chinneadh gur gníomhaíocht í a ngabhtar di "go heisiach" i mBallstát na bunáite. Ós rud é nach dtíorthaíonn "go heisiach" go díreach ó na sainmhínithe a ailíniú, mhol an Uachtaránacht go mbainfí amach é. Níor chuir aon Bhallstát ina choinne. Faoi mar a léirigh an Coimisiún, beag beann ar cibé acu a thagann "go heisiach" chun cinn sa téacs, foráiltear do riail maidir le heasaontacht dlí in Airteagal 11(5) chun reachtaíocht aonair is infheidhme a chinneadh, mar sin, ní fhéadfaidh feidhm a bheith ach ag bunáit amháin.

Measann an Uachtaránacht gur thángthas ar chomhaontú ginearálta faoi Airteagal 11(5) agus Aithris 18b de Rialachán 883/2004.

(ii) Airteagal 15(2) de Rialachán 987/2009

Mhol an Coimisiún go gcuirfí tagairt d'Airteagal 11(5) le hAirteagal 15(2) chun foráil a dhéanamh maidir le Doiciméad Iniompartha A1 (DIA1) a eisiúint do bhaill den fhoireann eitle agus den fhoireann cábáin dá dtagraítear in Airteagal 11(5) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004.

Tríd is tríd, d'aontaigh an Mheitheal leis an bhforáil sin mar a mhol an Coimisiún.

(b) Rialacha speisialta maidir le reachtaíocht is infheidhme

(i) Airteagal 12 de Rialachán 883/2004

In Airteagal 12, cinntear cén reachtaíocht atá ag Ballstát is infheidhme maidir le daoine fostaithe nó féinfhostaithe, a ghabhann do ghníomhaíocht i mBallstát agus a sheoltar nó a théann chuig Ballstát eile chun obair a dhéanamh go ceann uastréimhse 24 mhí ann. Mhol an Coimisiún go ndéanfaí an téarmaíocht a úsáidtear a nuashonrú, ionas go ndéanfaí "oibrí arna phostú" de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 a ailíniú le "oibrí arna phostú" de réir bhrí Threoir 96/71/CE a bhaineann le hoibrithe a phostú, agus mar sin, déantar idirdhealú idir oibrithe "arna bpostú" agus "arna seoladh" chun soiléireacht dhlíthiúil a fheabhsú. Ina theannta sin, maidir leis an toirmeasc ar ionadú a dhéanamh ar oibrithe arna bpostú, sínítear chuig daoine féinfhostaithe é.

D'aontaigh an Mheitheal trí chéile gur dheacair an t-idirdhealú beartaithe idir oibrithe "arna bpostú" agus oibrithe "arna seoladh" a chur chun feidhme iarbhrí agus gur mhó i bhfad costais an athraithe sin ná na sochair íosta. De bhreis air sin, cé go raibh Ballstáit áirithe i bhfabhar léirmhíniú ginearálta ar ionadú, bhí Ballstáit eile i bhfabhar cur chuige níos teoranta ná sin a ghlacadh.

Chun feabhas a chur ar shoiléire na téarmaíochta a úsáidtear faoin Treoir maidir le hOibrithe a Phostú agus faoin Rialachán maidir le comhordú slándála sóisialta, mhol an Uachtaránacht go gcuirfí an téarma oibrí "arna sheoladh" in ionad an téarma oibrí "arna phostú" chun tagairt a dhéanamh do dhaoine fostaithe agus féinfhostaithe araon. Tríd sin, ní bheidh an téarma "arna phostú" ábhartha a thuilleadh chun reachtaíocht is infheidhme a chinneadh faoin Rialachán agus ní chiallóidh sé ach oibrí arna phostú faoi Threoir 96/71/EC.

Chun an dá chur chuige éagsúla a chur in oiriúint dá chéile maidir leis an léirmhíniú ar ionadú, choimeád an Uachtaránacht cur chuige ginearálta in Airteagal 12(2) a d'aithin go bhféadfaí an toirmeasc ar ionadú a shárú fiú amháin i gcásanna ina ndéantar an duine a chuirtear in ionad oibrí nó duine féinfhostaithe a chumhdach le reachtaíocht Ballstáit eile. Ina theannta sin, thug an Uachtaránacht Airteagal 12(2a) nua isteach chun eisceachtaí ón toirmeasc ar ionadú a cheadú. In Airteagal 12(2a) nua, ceadáítear maolú teoranta ar an toirmeasc ginearálta a bhaineann le hionadú a dhéanamh ar oibrithe/daoine féinfhostaithe arna seoladh fad is nach faide ná 24 mhí tréimhse fhoriomlán na hoibre nó na gníomhaíochta. Le linn an chruinnithe dheireanaigh a bhí ag an Meitheal, chonacthas don Uachtaránacht gur tacaíodh leis an bhfoclaíocht bheartaithe go ginearálta. Tá na modhnuithe deireanacha ar Airteagal 12(2a) nua ceaptha a chinntiú go mbeidh an fhoclaíocht níos beaichte ná mar a bhí, i gcomhréir le tacaíocht toscaireachtaí don chur chuige foriomlán sa mhír seo.

Measann an Uachtaránacht gur thángthas ar chomhaontú ginearálta faoi Airteagal 12 de Rialachán 883/2004.

(ii) Airteagal 14 de Rialachán 987/2009: Sonraí a bhaineann le hAirteagal 12 agus le hAirteagal 13 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004

Déantar foráil in Airteagal 14(1) maidir lena bheith d'oibleagáid ar an oibrí a bheith cleamhnaithe roimhe sin le córas slándála sóisialta an Bhallstáit ina bhfuil a fhostóir nó a fhostóir bunaithe. Mhol an Coimisiún go gcuirfí Ballstát an tseolta in ionad Bhallstát bunaíochta an fhostóra agus an chéad mhír a ailíniú lena mholadh a bhaineann le hAirteagal 12 (seolta/postaithe agus nasctha le Rialachán 96/71/CE).

Soiléirítear in Airteagal 14(5a), i gcás gníomhaíocht i mBallstáit bhreise, gur cheart fostaí a bheith faoi réir reachtaíocht an Bhallstáit, ina bhfuil oifig chláraithe nó áit ghnó an fhostóra nó an ghnóthais suite, fad is a dhéanann an fhostóir gníomhaíocht shubstaintiúil sa Bhallstát sin, agus sa chás sin amháin. Murach sin, cumhdófar an fostaí le reachtaíocht an Bhallstáit ina bhfuil lárionad leasa nó gníomhaíochtaí an fhostóra suite.

In Airteagal 14(12), maidir le náisiúnach de chuid an Aontais a chónaíonn i dtríú tír agus a oibríonn mar dhuine fostaithe nó féinfhostaithe in dhá Bhallstát nó níos mó, agus de bhua reachtaíocht náisiúnta na mBallstáit sin, atá faoi réir reachtaíocht na mBallstáit sin, is faoi réir na reachtaíochta slándála sóisialta seo a leanas, agus í sin amháin, a bheadh an náisiúnach sin: reachtaíocht slándála sóisialta Bhallstáit oifig chláraithe nó áit ghnó nó lárionad leasa a ghníomhaíochta nó a gníomhaíochta féin, amhail dá mba é a stát cónaithe é.

Sa chruinniú deireanach a bhí ag MCS, thólaic an Uachtaránacht dhá rogha do mhír 1 agus do mhír 5a. Maidir le hAirteagal 14(1), thug líon mór toscaireachtaí tosaíocht do rogha 1, is é sin 'an Ballstát seolta i gcomhréir le Teideal II den bhun-Rialachán'. Thug líon toscaireachtaí is lú ná sin tosaíocht do rogha 2, is é sin 'an chéad Bhallstát dá dtagraítear in Airteagal 12(1) den bhun-Rialachán', cé gur luaigh an tríú grúpa toscaireachtaí gurbh fhearr leo an *status quo* a choinneáil, i.e. an Ballstát ina bhfuil an fhostóir bunaithe. Dá bhrí sin, molann an Uachtaránacht dul ar aghaidh ar bhonn rogha 1, ach tá an téacs á chur idir lúibíní aici mar d'fhéadfaí leanúint den phlé ar an tsaincheist seo (Féach Iarscríbhinn II, Airteagal 14(1)).

D'fhéadfadh sé gur ghá a thuilleadh plé a dhéanamh faoin Airteagal 14(1) seo maidir leis na moltaí a chuir roinnt toscaireachtaí ar aghaidh, bunaithe ar Thuarascáil an Ghrúpa Ad Hoc maidir le Saincheisteanna faoi Phostú (Bealtaine 2016), a chuir an Coimisiún Riaracháin ar bun ag an 341ú cruinniú dá chuid ar an 9 Nollaig 2014, gur cheart coinníoll a bheith in Airteagal 14(1) a bhaineann le 'cleamhnú roimh ré' le reachtaíocht Bhallstát an tseolta a bheith ag an duine go ceann ar a laghad tréimhse trí mhí sula bhféadfaí an duine sin a sheoladh faoi Airteagal 12. Tá moltaí á ndéanamh ag na toscaireachtaí sin i ndáil le 'toirmeasc ar ionadú' freisin, is é sin i gcás ina mbeidh tréimhse críochnaithe ag oibrí ar lena linn a seoladh an t-oibrí faoi Airteagal 12(1), ní fhéadfar tús a chur le haon tréimhse nua don oibrí céanna ná don Bhallstát céanna go dtí go mbeidh trí mhí ar a laghad caite ó dheireadh na tréimhse roimhe sin. Iarrann na toscaireachtaí sin go mbeadh feidhm aige sin freisin má bhí an t-oibrí ag gabháil do ghníomhaíocht sa Bhallstát fostaíochta ar lena linn a bhí sé nó sí cumhdaithe le reachtaíocht Ballstáit éagsúil i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004.

Ar an dóigh chéanna, as an dá rogha a mhol an Uachtaránacht faoi mhír 5a, bhí líon mór toscaireachtaí i bhfabhar na chéad rogha, is é sin 'an Ballstát ina ndéanann an gnóthas an chuid is mó dá ghníomhaíochtaí ó thaobh fhad na ngníomhaíochtaí a ngabhtar dóibh agus/nó líon na seirbhísí a dhéantar' de rogha ar rogha 2, is é sin 'Ballstát cónaithe an duine fhostaithe lena mbaineann'². Mar sin féin, tá grúpa eile toscaireachtaí buartha go bhféadfaí ualaí riaracháin nach gá a chur ar na hinstitiúidí de dheasca an athraithe ar Airteagal 14(5a), agus ní raibh siad i bhfabhar an cheanglais a bhaineann le gníomhaíochtaí substaintiúla a thabhairt isteach. Mar sin, ar son an *status quo* a bhí siad.

² Bhí an Coimisiún go mór in amhras faoin gcur chuige sin – mheas sé gur cúlú ar leasuithe a rinneadh roimhe sin ar an Rialachán a bheadh ann agus go bhféadfadh sé iompar faille a éascú.

Luaigh roinnt toscaireachtaí go bhféadfaidís a bheith sásta gníomhaíochtaí substaintiúla a chur san áireamh dá mba rud é go mbeadh eisiamh sonrach i gceist don earnáil idirnáisiúnta iompair. Molann an Uachtaránacht, mar sin, an chéad rogha a choimeád idir lúibíní agus leanúint leis an bplé faoinar cheart feidhm a bheith ag an gceanglas i ndáil le gníomhaíochtaí substaintiúla maidir le hAirteagal 12 agus le hAirteagal 13 araon, agus más amhlaidh, cé acu Ballstát ar cheart a mheas a bhfuil oifig chláraithe nó áit ghnó an ghnóthais i gcás nach bhfuil an gnóthas ag gabháil do ghníomhaíochtaí substaintiúla sa Bhallstát ina nglactar cinntí bunúsacha an ghnóthais agus ina ndéantar feidhmeanna a lár-riaracháin (féach Iarscríbhinn II, Airteagal 14(5a)).

Maidir le hAirteagal 14(12), thángthas ar chomhaontú ginearálta i ndáil leis an reachtaíocht is infheidhme a chinneadh, bunaithe ar an maíomh maidir leis an áit chónaithe a bheith á meas i mBallstát ina saothraíonn náisiúnach de chuid an Aontais a bhfuil cónaí air lasmuigh den Aontas cuid mhór dá ghníomhaíochtaí i dtéarmaí am oibre, seachas sa Bhallstát ina bhfuil oifig chláraithe nó áit ghnó nó lárionad leasa a ghníomhaíochta, mar a mhol an Coimisiún.

(iii) Airteagal 16 de Rialachán 987/2009: Nós imeachta maidir le hAirteagal 13 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm

Airteagal 16 maidir leis an nós imeachta lena gcinntear an reachtaíocht is infheidhme i gcás fostaíocht in dhá Bhallstát nó níos mó. Mhol an Coimisiún, i mír 1 agus i mír 5, gur féidir le fostóir an nós imeachta a chur i ngníomh thar ceann a fhostaithe agus go gcuirfear an cinneadh maidir leis an reachtaíocht a mbeidh feidhm aici in iúl don fhostóir. Cuirfear an cinneadh sin in iúl don institiúid ina bhfuil an fostóir lonnaithe freisin. Má chinneann institiúid na háite cónaithe go bhfuil feidhm ag reachtaíocht Bhallstáit eile, leanfar an nós imeachta atá ann cheana, is é sin go mbíonn cinneadh sealadach ann i dtosach agus go n-éireoidh sé ina chinneadh deifnídeach mura ndéanann aon institiúid lena mbaineann sin a chonspóid laistigh den tréimhse sin.

Tar éis plé mhionsonraithe agus mionchoigeartú, thángthas ar chomhaontú ginearálta maidir leis an Airteagal ina iomláine, mar thoradh ar an obair a rinne an Mheitheal.

(c) Oibleagáidí na n-údarás inniúil (Airteagal 75a de Rialachán 883/2004)

Mhol an Coimisiún an oibleagáid atá in Airteagal 89(3) de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 a bhogadh go hAirteagal nua i Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 chun tosaíocht níos mó a thabhairt don fhoráil seo trína gceanglófar ar institiúidí inniúla a áirithiú go mbeidh a n-institiúidí ar an eolas faoi na forálacha ábhartha a bhaineann le comhordú agus go gcomhlíonfaidh siad na forálacha sin, cinntí ón gCoimisiún Riaracháin san áireamh. Tugadh isteach freisin oibleagáid an comhar idir institiúidí inniúla agus cigireachtaí saothair ar an leibhéal náisiúnta a chur chun cinn.

Thángthas ar chomhaontú ginearálta sa Mheitheal maidir le téacs na forála seo, mar go raibh sé mar thoradh ar an bplé a bhí aici.

(d) Gníomhartha cur chun feidhme (Airteagal 72 (ea)(nua), Airteagal 76a agus Airteagal 76b(nua) de Rialachán 883/2004)

Mhol an Coimisiún Airteagal 76a a chur isteach chun an Coimisiún a chumhachtú gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 291 CFAE chun coinníollacha comhionanna a áirithiú do chur i bhfeidhm na rialacha speisialta atá in Airteagal 12 agus in Airteagal 13. Mhol an Coimisiún freisin gur cheart gurb é an Coimisiún Riaracháin dá dtagraítear faoi Theideal IV de Rialachán 883/2004 an Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Mhol an Uachtaránacht, *inter alia*, an tagairt do ‘cinneadh na gcásanna ina n-eiseofar an doiciméad’, a scriosadh, mar gur mheas sí go leagtar síos na cásanna sin i Rialachán (CE) Uimh. 987/2009. Mhol sí freisin Airteagal 76b ar leithligh a dhéanamh de mhír 3, agus deireadh a chur leis an ról dúbáilte atá ag an gCoimisiún Riaracháin, agus na deacrachtaí praiticiúla a bhaineann leis sin, agus ról sonrach an choiste choisteolaíochta faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, a chur san áireamh.

Bhí plé críochnúil ag an Meitheal faoi ról an Choimisiúin Riaracháin freisin, faoin méid a chuireann sé le hobair an Choimisiúin agus faoin gcaidreamh idir a chinntí neamhcheangailteacha agus a ghníomhartha cur chun feidhme atá ceangailteach ó thaobh dlí. Chun ról saineolaíoch na mBallstát a atreisiú, tugadh isteach clásal gan tuairim in Airteagal 76b(3), rud ar féidir a dhéanamh faoin tríú fomhír d’Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Ar an gcaoi chéanna, d’iarrfaí ar an gCoimisiún Riaracháin tuairim a thabhairt sula nglacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme gan athrú a dhéanamh ar an nós imeachta le gníomhartha den chineál sin a ghlacadh; ós rud é gur thángthas ar chomhaontú i bprionsabal ar an téacs seo sa Mheitheal dheireanach, molann an Uachtaránacht an téacs a bhogadh ó Airteagal 76a(3) go mír nua (ea) faoi Airteagal 72 a bhaineann le cúraimí an Choimisiúin Riaracháin agus athrú beag a dhéanamh ar an bhfoclaíocht.

Measann an Uachtaránacht gur tháinig an Mheitheal ar chomhaontú ginearálta maidir leis na prionsabail atá mar bhonn ag Airteagal 72(ea), Airteagal 76a agus Airteagal 76b de Rialachán 883/2004.

(e) Sainmhíniú ar chalaois (Airteagal 1 de Rialachán 987/2009)

Rinne an Coimisiún Airteagal 1 a leasú chun sainmhíniú nua ar “chalaois” a thabhairt isteach, atá nasctha lena mholadh in Airteagal 5(2).

Measann an Uachtaránacht gur thángthas ar chomhaontú ginearálta maidir leis an Airteagal seo.

(f) Luach dlíthiúil doiciméad agus fianaise tacaíochta a eisítear i mBallstát eile (Airteagal 5 agus Airteagal 19a (nua) de Rialachán 987/2009)

In Airteagal 5, tá roinnt leasuithe á moladh ag an gCoimisiún maidir le bailíocht na ndoiciméad a eisítear agus maidir leis an nós imeachta um chonspóid a dhéanamh. Go háirithe, tugtar ceanglas isteach nach mbeidh doiciméad dearbhaitheach arna eisiúint ag institiúid bailí ach amháin sa chás inar tugadh an fhaisnéis éigeantach ar fad. Thairis sin, moladh spriocdháta 25 lá oibre chun go mbeidh na hinstitiúidí eisiúna in ann athbhreithniú a dhéanamh ar na forais atá le doiciméad a eisiúint, agus nuair is gá, an doiciméad a cheartú nó a tharraingt siar, agus éifeacht aisghníomhach aige sin, agus dhá lá oibre i gcás práinne. Socraíodh na spriocdhátaí sin mar thoradh ar an Treoir maidir le hoibrithe a phostú 2014/67/AE.

Tar éis mionanailís a dhéanamh ar an airteagal, mhol an Uachtaránacht, ar bhonn moladh ó thoscaireacht amháin arna thacú ag na toscaireachtaí eile, dhá chuid a dhéanamh de théacs Airteagal 5; fanfaidh an chuid ghinearálta maidir le bailíocht doiciméid a eisítear faoi Airteagal 5, agus déanfar an chuid maidir le comhar i gcás amhras faoi bhailíocht na ndoiciméad a eisítear maidir leis an nós imeachta reachtaíochta is infheidhme a bhogadh go hAirteagal 19a faoi Theideal II de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009.

Sa Mheitheal is deireanaí, bhí comhaontú ginearálta ann leanúint den chur chuige seo. Thángthas ar chomhaontú ginearálta maidir le hAirteagal 5, cé is moite d'abairt amháin ag deireadh mhír a haon maidir leis an gceanglas na réimsí éigeantacha ar fad san fhoirm a líonadh isteach, ionas go measfar an doiciméad a bheith bailí. Cuireadh an téacs ábhartha idir lúibíní (féach Iarscríbhinn II, Airteagal 5(1)) agus ní mór breis scrúdaithe a dhéanamh air toisc nach bhfuil réimsí éigeantacha mar sin léirithe sna Doiciméid Iniompartha faoi láthair, agus mar gheall ar an gceangal atá aige le hAirteagal 76a maidir le gníomhartha cur chun feidhme.

Ag féachaint d'Airteagal 19a, tháinig an Mheitheal ar chomhaontú ginearálta maidir leis an Airteagal seo. Cuireadh síneadh leis na spriocdhátaí maidir le comhar idir na hinstitiúidí go 30 lá oibre faoi ghnáthnósanna imeachta, agus go deich lá oibre i gcás an nós imeachta práinne. Mar sin féin, tá saincheist amháin fós le réiteach: molann an Uachtaránacht go gcoimeádfar prionsabal éifeacht aisghníomhach an tarraingthe siar nó an cheartaithe, ar cosúil gur thacaigh líon níos mó toscaireachtaí leis sa Mheitheal is deireanaí. Caithfear an tsaincheist sin a chlóradh tuilleadh, mar go bhfuil grúpa mór toscaireachtaí ina coinne, agus tagairt á déanamh go háirithe do na deacrachtaí riaracháin a bhaineann le tarraingt siar aisghníomhach agus don bhealach nach féidir leis an institiúid eisiúna a bheith ar an eolas faoi phostuithe míchearta i gcásanna ionadaithe áirithe. Mar sin, cuireadh an abairt ábhartha idir lúibíní (féach Iarscríbhinn II, Airteagal 19a(2)).

Baineann saincheist eile atá fós le réiteach leis an éifeacht atá ag tuairimí Bhord Idir-réitigh an Choimisiúin Riaracháin. Thíolaic grúpa toscaireachtaí togra ina moltar go ngeallann na húdaráis inniúla a iarrann réiteach ón gCoimisiún Riaracháin dá ndeoin féin go gloífidh siad le cinntí an Choimisiúin Riaracháin faoin nós imeachta idir-réitigh, agus más gá, doiciméid a tharraingt siar nó a dhearbhu go bhfuil siad neamhbhailí. Tarraingíodh anuas an pointe seo maidir le breithiúnais de chuid na Cúirte Breithiúnais ina ndeirtear gurb í an institiúid eisiúna amháin a bheidh in ann doiciméid iniompartha a tharraingt siar, rud a fhágann go mbíonn a lán deacrachtaí praiticiúla ag na hinstitiúidí iarrthacha.

(g) Airteagal 73 de Rialachán 987/2009: Socrú sochar in airgead tirim nó sochar cúraim agus ranníocaíochtaí a tugadh go míchuí nó a íocadh

Baineann an moladh ón gCoimisiún faoi Airteagal 73, i mír 1 agus i mír 2, le cur i bhfeidhm an nós imeachta frithchúitimh d'fhonn socrú éileamh a chumhdach a thagann as athruithe aisghníomhacha ar an reachtaíocht is infheidhme. Cuireadh mír 4 nua isteach lena áirithiú nach féidir le teorainneacha ama náisiúnta a bheith is cúis le socrú éileamh idir institiúidí a dhiúltú. Faoi mhír 5, molann an Coimisiún tréimhse 5 bliana a thabhairt isteach faoin Airteagal 73 seo, agus an tréimhse sin a chomhaireamh siar ón dáta a seoladh an nós imeachta chun díospóidí idir na Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 5(2) nó Airteagal 6(3).

Mar gheall ar an gcastacht mhór theicniúil agus ar an ábhar, cinneadh an díospóireacht maidir le hAirteagal 73 a chur siar go céim níos déanaí, nuair a bheidh Teideal IV de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 a phlé sa Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta. Chomhaontaigh na toscaireachtaí freisin nach mór an tsaincheist seo a phlé tuilleadh idir na saineolaithe.

III. CONCLÚIDÍ

Rinne Uachtaránacht Mhálta iarracht mhór leis an oiread dul chun cinn agus is féidir a dhéanamh maidir leis an dá chaibidil lena mbaineann. Measann an Uachtaránacht gur tháinig an Mheitheal ar chomhaontú ginearálta maidir le cuid mhór forálacha.

Mar sin féin, caithfear níos mó plé a dhéanamh ar an leibhéal teicniúil maidir leis na ceisteanna a leanas:

- 1) **Airteagal 4a de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Aithris 5a a ghabhann leis:** cad iad na sochair ar cheart a chlúdach le códú chás C-308/14 An Choimisiún Eorpach in aghaidh Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann?

- 2) **Airteagal 5(1) de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009:** ar cheart na doiciméid a eisítear a bheith bailí go díreach i gcás ina líontar isteach gach cuid díobh atá marcáilte mar chuid éigeantach?
- 3) **Airteagal 5(4) de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009:** ar cheart a áireamh san Airteagal seo gur cheart d'údaráis inniúla gealladh go gcloífi leis an tuairim ón mBord Idir-réitigh, ar coiste den Choimisiún Riaracháin é, agus más gá, na doiciméid a eisítear a tharraingt siar nó a dhearbhu go bhfuil siad neamhbhailí más sin í tuairim an Bhoird Idir-réitigh?
- 4) **Airteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009:** ar cheart an tAirteagal seo a leasú mar a moltar i rogha 1 ón Uachtaránacht, agus ar cheart na coinníollacha nua maidir le 'cleamhnú roimh ré' agus le 'toirmeasc ar ionadú' (a bhfuil trí mhí i gceist leo araon) a thabhairt isteach?
- 5) **Airteagal 14(5a) de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009:** ar cheart an ceanglas i ndáil le 'gníomhaíochtaí substaintiúla' a thabhairt isteach san Airteagal seo, le hAirteagal 12 agus le hAirteagal 13 araon a chumhdach (an earnáil idirnáisiúnta iompair a eisiamh, b'fhéidir) agus más rud é gur cheart, cé acu Ballstát ar cheart a mheas a bhfuil oifig chláraithe nó áit ghnó an ghnóthais i gcás nach bhfuil an gnóthas ag gabháil do ghníomhaíochtaí substaintiúla sa Bhallstát ina nglactar cinntí bunúsacha an ghnóthais agus ina ndéantar feidhmeanna a lár-riaracháin?
- 6) **Airteagal 19a(2) de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009:** ar cheart go mbeadh éifeacht aisghníomhach ag tarraingt siar nó ag ceartú i gcónaí faoin Airteagal seo, mura gcomhaontaítear a mhalairt leis na Ballstáit lena mbaineann faoi Airteagal 16 den bhun-Rialachán, agus leas an duine nó na ndaoine lena mbaineann á chur san áireamh?

Measann an Uachtaránacht gur céim thábhachtach í an obair atá déanta aici ó thaobh forálacha ábhartha an dá chaibidil a shoiléiriú agus gur bonn maith é chun leanúint leis an bplé faoin togra ina iomláine, chun go dtabharfaí an obair sa Chomhairle chun críche a luaithe agus is féidir.

Forálacha sa togra a bhaineann leis an méid a leanas: *Cóir chomhionann agus rochtain ar shochair shóisialta*

Rialachán (CE) Uimh. 883/2004

Aithris 2

Ní fhorálann an Conradh do chumhachtaí seachas cumhachtaí Airteagal 308 chun bearta iomchuí a ghlacadh i réimse na slándála sóisialta do dhaoine seachas daoine fostaithe.

Aithris 2a

Le hAirteagal 45 agus le hAirteagal 48 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, áirithítear saoirse gluaiseacht d'oibrithe lena ndíothófar aon idirdhealú de bhíthin a náisiúntacht agus déantar foráil do ghlacadh na mbeart is gá i réimse na slándála sóisialta chun an tsaoirse sin a áirithiú. Chomh maith leis sin, faoi Airteagal 21 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, beidh an ceart ag gach saoránach den Aontas gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha dá bhforáiltear sna Conarthaí agus sna forálacha arna nglacadh lena gcur chun feidhme.

Aithris 5

Ní mór, faoi chuimsiú comhordú den chineál sin, cóir chomhionann san Aontas a ráthú faoi na reachtaíochtaí náisiúnta éagsúla do na daoine lena mbaineann.

Aithris 5(-a)

Agus prionsabal ginearálta na cóire chomhionainne dá bhforáiltear sa Rialachán seo á fheidhmiú, dhearbhaigh an Chúirt sna breithiúnais a thug sé i gcás C-140/12 Brey, cás C-333/13 Dano, cás C-67/14 Alimanovic agus cás C-299/14 Garcia-Nieto, go bhféadfaidh cóir chomhionann, a mhéid a bhaineann le rochtain ar shochair airgid speisialta neamh-ranníocacha, ar cúnamh sóisialta freisin iad de réir bhrí Threoir 2004/38/CE, a bheith faoi réir na teorainneacha agus na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 24 den Treoir sin. Chun an tsoiléireacht dlí a fheabhsú do shaoránaigh agus d'institiúidí, ba cheart códú a dhéanamh ar na cásdlíthe seo. Ba cheart dlí an Aontais a urramú leis na teorainneacha ar an gcóir chomhionann, prionsabal na comhréireachta arna léiriú ag an gCúirt san áireamh.

Aithris 5a

Dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais ina bhreithiúnas i gcás C-308/14 An Choimisiún Eorpach in aghaidh Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann go bhféadfaidh na Ballstáit, i gcomhréir le dlí an Aontais, prionsabal na comhréireachta san áireamh, rochtain na ndaoine a chumhdaítear le hAirteagal 11(3)(e) den Rialachán seo ar [sochair slándála sóisialta neamh-ranníocacha a chumhdaítear le hAirteagal 3]³, faoi réir an choinníll ceart dlíthiúil cónaithe a bheith ag na daoine sin i gcomhréir le Treoir 2004/38/CE. Mar a luaigh an Chúirt, ba cheart an fíorú ar an gceart dlíthiúil cónaí a dhéanamh i gcomhréir le ceanglais Threoir 2004/38/CE. Chun an tsoiléireacht dlí a fheabhsú do shaoránaigh agus d'institiúidí, ba cheart códú a dhéanamh ar an gcásdlí seo.

Aithris 5aa

Is gá a áirithiú nach gcuirfear cóir is lú fabhar ar náisiúnaigh de chuid Ballstáit le hais daoine eile a chumhdaítear leis an Rialachán seo i gcás inchomparáide. Mar sin, ba cheart na teorainneacha ar chóir chomhionann a thugtar isteach leis an Rialachán seo a bheith gan dochar do na cearta maidir le cóir chomhionann dá bhforáiltear i bhforálacha eile i ndáil le dlí an Aontais, a mbeidh feidhm acu freisin *mutatis mutandis* i dtaca leis an dara grúpa.

³ Féach an Tuarascáil, Cuid II(1).

Aithris 5b

[...]

Aithris 5c

[...]

Aithris 47

Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a dtugtar aitheantas dóibh i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Aithris 48

[...]

Airteagal 4

Cóir Chomhionann

Mura bhforáiltear a mhalairt faoin Rialachán seo, na daoine a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo beidh acu na sochair chéanna agus beidh orthu na hoibleagáidí céanna faoi reachtaíocht aon Bhallstáit le náisiúnaigh an Bhallstáit sin.

Airteagal 4a

Teorainneacha ar chóir chomhionann do dhaoine nach bhfuil ceart dlíthiúil cónaí acu faoi dhlí an Aontais

1. De mhaoil ar Airteagal 4, Ballstát a bhfuil a reachtaíocht infheidhme ar bhonn Airteagal 11(3)(e) den Rialachán seo, féadfaidh sé i gcomhréir le dlí an Aontais, a fhoráil go mbeidh rochtain ar [na sochair slándála sóisialta neamh-ranníocha a chumhdaítear le hAirteagal 3]⁴ faoi réir an choinníll ceart dlíthiúil cónaithe a bheith ag duine mar a leagtar amach i dTreoir 2004/38/CE.
2. Féadfaidh Ballstáit na teorainneacha dá dtagraítear i mír 1 a fheidhmiú freisin *mutatis mutandis* do dhaoine gan stát agus do dhídeanaithe mar aon lena gcuid ball teaghlaigh agus marthanóirí nach gcomhlíonann na coinníollacha a bhaineann le cónaí dlíthiúil nó fanacht i gcomhréir le forálacha ábhartha eile de chuid dhlí an Aontais.

Airteagal 70

Foráil ghinearálta

- 4a. Féadfaidh Ballstát, i gcomhréir le dlí an Aontais, maolú ó Airteagal 4 agus a fhoráil go mbeidh rochtain ar na sochair dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, ar cúnamh sóisialta freisin iad de réir bhrí Threoir 2004/38/CE, faoi choinníoll na gcoinníollacha le haghaidh cóir chomhionann atá faoi Airteagal 24 den Treoir sin a bheith á gcomhlíonadh ag an duine a bhfuil éileamh á dhéanamh aige ar na sochair sin.

⁴ Féach an Tuarascáil, Cuid II(1).

Forálacha sa togra a bhaineann leis an méid a leanas: *Reachtaíocht infheidhme***Rialachán (CE) Uimh. 883/2004****Aithris 18b**

In Iarscríbhinn III, Fochuid FTL a ghabhann le Rialachán (AE) 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 2016/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna leasú ag Rialachán (AE) Uimh. 83/2014/AE ón gCoimisiún an 29 Eanáir 2014 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 2016/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, déantar an coincheap 'bunáit' do bhaill den fhoireann eitle agus den fhoireann cábáin a shainmhíniú mar an áit, arna sannadh ag an oibreoir don bhall foirne, ar gnách don bhall foirne tréimhse dualgais nó sraith de thréimhsí dualgais a thosú agus a chríochnú ann agus nach freagrach, sna gnáthchúinsí, an t-oibreoir as cóiríocht an bhaill foirne lena mbaineann ann.

Airteagal 11**Rialacha ginearálta**

5. Maidir le gníomhaíocht mar bhall den fhoireann eitle nó den fhoireann cábáin a dhéanann seirbhísí d'aerphaisinéirí nó seirbhísí aerlasta, measfar gur gníomhaíocht í a ngabhtar di sa Bhallstát ina mbeidh an bhunáit lonnaithe, mar a shainmhínítear í in Iarscríbhinn III, Fochuid FTL a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 2016/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna leasú ag Rialachán (AE) Uimh. 83/2014/AE ón gCoimisiún an 29 Eanáir 2014.

Airteagal 12

Rialacha speisialta

1. Duine a ghabhfaidh do ghníomhaíocht mar dhuine féinfhostaithe i mBallstát amháin ar son fostóir ar gnách leis gabháil dá ghníomhaíochtaí ansiúd, agus a seolann an fostóir chuig Ballstát eile é chun gabháil do ghníomhaíocht ar a shon, leanfaidh an duine sin de bheith faoi réir reachtaíocht an chéad Bhallstáit, ar choinníoll nach faide ná 24 mhí a mheastar a mhairfidh an obair sin agus nach ag teacht in ionad duine fostaithe eile a seoladh roimhe sin agus a chumhdaítear faoin mír seo nó in ionad duine féinfhostaithe a chumhdaítear faoi mhír 2 a bheidh an duine sin.
2. Duine a ghabhann de ghnáth do ghníomhaíocht mar dhuine féinfhostaithe i mBallstát amháin agus a rachaidh go Ballstát eile chun tabhairt faoi ghníomhaíocht chomhchosúil, leanfaidh an duine sin de bheith faoi réir reachtaíocht an chéad Bhallstáit, ar choinníoll nach faide ná 24 mhí a mheastar a mhairfidh an obair sin agus nach bhfuil an duine sin á chur in ionad duine fostaithe a seoladh roimhe sin agus a chumhdaítear faoi mhír 1 nó in ionad duine féinfhostaithe a chumhdaítear faoin mír seo.
- 2a. I dtaca le duine fostaithe a chumhdaítear faoi mhír 1 nó le duine féinfhostaithe a chumhdaítear faoi mhír 2, i gcás nach hé an duine sin a chríochnaíonn an obair nó an ghníomhaíocht agus go gcuirtear duine eile ina ionad, leanfaidh an duine eile sin de bheith faoi réir reachtaíocht an Bhallstáit as ar seoladh é nó ar ann is gnách leis gníomhú mar dhuine féinfhostaithe, ar choinníoll nach faide ná 24 mí a mhairfidh an obair nó an ghníomhaíocht a dhéanfaidh na daoine sin sa dara Ballstát.

Airteagal 72
Cúraimí an Choimisiúin Riaracháin

- (ea) tuairimí a thabhairt don Choimisiún Eorpach maidir leis na dréachtghníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 76a sula nglactar iad i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear san Airteagal sin, agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh pé tograí is iomchuí chun na gníomhartha cur chun feidhme céanna sin a athbhreithniú;

Airteagal 75a
Oibleagáidí na n-údarás inniúil

1. Áiríteoidh na húdaráis inniúla go mbeidh a n-institiúidí ar an eolas faoi gach foráil, idir reachtach is eile, agus go gcuirfidh siad i bhfeidhm iad; áirítear leo sin cinntí an Choimisiúin Riaracháin sna réimsí a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus leis an Rialachán cur chun feidhme agus de réir théarmaí na Rialachán sin.
2. D'fhoill a áirithiú go gcinnefar i gceart cén reachtaíocht is infheidhme, déanfaidh na húdaráis inniúla i gcás inarb iomchuí comhoibriú idir institiúidí agus cigireachtaí saothair a chur chun cinn ina mBallstáit féin.

Airteagal 76a
An chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh

1. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun sonrú a dhéanamh ar an nós imeachta, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí na teorainneacha ama is inleanta d'fhoill a áirithiú go gcuirfeadh i bhfeidhm go haonfhoirmeach Airteagal 12 agus 13 den Rialachán seo. Is leis na gníomhartha cur chun feidhme sin a dhéanfar na nósanna imeachta caighdeánacha a bhunú i gcás na nithe seo a leanas:
 - eisiúint, formáid agus inneachar doiciméid iniompartha lena ndeimhneofar an reachtaíocht slándála sóisialta is infheidhme don sealbhóir,

- na heilimintí sin nach mór a fhíorú sular féidir an doiciméad a eisiúint, a tharraingt siar nó a cheartú,
 - tarraingt siar nó ceartú an doiciméid ag an institiúid eisiúna i gcás ina bhfuil ceist faoina chruinneas agus faoina bhailíocht ag institiúid inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an ghníomhaíocht ar siúl agus faisnéis mar thaca agus mar bhonn cirt ag an mBallstát leis an gceist sin.
2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76b(2) den Rialachán seo.
3. [...]

Airteagal 76b

An nós imeachta scrúdúcháin

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Is coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa Choiste sin.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim uaidh, ní dhéanfaidh an Coimisiún Eorpach an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus tabharfar feidhm don tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Rialachán 987/2009

Airteagal 1 **Sainmhínithe**

2(ea) ciallaíonn 'calaois' aon ghníomh intinneach nó aon neamhghníomh intinneach arb é is aidhm dó sochair slándála sóisialta a fháil nó ranníocaíochtaí slándála sóisialta a sheachaint, de shárú ar dhlí an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann, nó de shárú ar an mBun-Rialachán, nó ar an Rialachán seo;

Airteagal 5 **Luach dlíthiúil doiciméad agus fianaise thaca a eisítear i mBallstát eile**

1. Doiciméid a eisíonn institiúid Ballstáit agus ina dtaispeántar staid an duine chun críocha chur i bhfeidhm an bhun-Rialacháin agus an Rialacháin cur chun feidhme, mar aon leis an bhfianaise thaca ar eisíodh na doiciméid ar a bonn, glacfaidh institiúidí na mBallstát eile leo fad is nach ndearna Ballstát a n-eisithe iad a tharraingt siar, nó a dhearbhu go bhfuil siad neamhbhailí. [Ní mheasfar na doiciméid sin a bheith bailí i gcás nach líontar isteach gach ceann de na ranna sin nach mór a chomhlánú.] ⁵.
2. Gan dochar d'Airteagal 19a, i gcás ina bhfuil amhras ann faoi bhailíocht doiciméid nó faoi chruinneas na bhfíoras ar a bhfuil an doiciméad bunaithe, iarrfaidh institiúid an Bhallstáit a fuair an doiciméad ar an institiúid eisiúna an soiléiriú is gá agus, i gcás inarb iomchuí, iarrfaidh sí go dtarraingeofaí siar an doiciméid. Déanfaidh an institiúid a d'eisigh athbhreithniú ar na forais faoina eisíodh an doiciméad agus, más gá, déanfaidh sí é a tharraingt siar.
3. I gcás ina bhfuil amhras ann i dtaobh na faisnéise a thug an duine nó na daoine lena mbaineann faoi bhailíocht doiciméid nó faoin bhfianaise thaca, nó faoi chruinneas na bhfíoras ar a bhfuil an doiciméad bunaithe, déanfaidh aon institiúid lena mbaineann, a mhéid is féidir, arna iarraidh sin don institiúid inniúil, an fíorú is gá ar an bhfaisnéis nó ar an doiciméad sin.

⁵ Féach an Tuarascáil, Cuid II(2)(f).

4. I gcás nach dtiocfar ar chomhaontú idir na hinstitiúidí lena mbaineann, féadfaidh na húdaráis inniúla an scéal a thabhairt os comhair an Choimisiúin Riaracháin tráth nach luaithe ná aon mhí amháin tar éis an dáta ar chuir an institiúid a fuair an doiciméad a hiarraidh isteach. Féachfaidh an Coimisiún Riaracháin le teacht ar réiteach idir na páirtithe laistigh de shé mhí ón dáta ar cuireadh an scéal faoina mbráid.

Airteagal 14

Sonraí a bhaineann le hAirteagal 12 agus le hAirteagal 13 den bhun-Rialachán

1. Chun críocha Airteagal 12(1) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, measfar ina ‘d[h]uine a ghabhann do gníomhaíocht mar dhuine fostaithe i mBallstát ar son fostóir ar gnách leis gabháil dá ghníomhaíochtaí ansiúd, agus a ndéanann an fostóir sin é a sheoladh chuig Ballstát eile’, duine a earcaítear d’fhonn é a sheoladh chuig Ballstát eile, ar choinníoll go bhfuil an té atá i gceist, sula dtéann sé i mbun na fostaíochta sin, faoi réir reachtaíocht [an Bhallstáit as ar seoladh é i gcomhréir le Teideal II den bhun-Rialachán] ⁶.
- 5a. Chun críocha Teideal II den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, ciallóidh ‘oifig chláraithe nó áit ghnó’ oifig chláraithe nó áit ghnó mar a ndéantar cinntí bunúsacha an ghnóthais agus mar a ndéantar feidhmeanna an lár-riaracháin aige, [ar choinníoll go mbíonn an gnóthas ag gabháil do ghníomhaíocht shubstaintiúil sa Bhallstát sin. I ngach cás eile, measfar go bhfuil an gnóthas suite sa Bhallstát sin ina ngabhann sé don chuid is mó dá chuid gníomhaíochtaí ó thaobh fad na ngníomhaíochtaí dá ngabhann agus/nó líon na seirbhísí a chuireann sé ar fáil] ⁷.

⁶ Féach an Tuarascáil, Cuid II(2)(b)(ii).

⁷ Féach an Tuarascáil, Cuid II(2)(b)(ii).

12. Más mar dhuine fostaithe nó féinfhostaithe in dhá Bhallstát nó níos mó atá duine atá ina chónaí lasmuigh de chríoch an Aontais ag gabháil dá ghníomhaíochtaí agus an duine sin, de bhua reachtaíocht náisiúnta na mBallstát sin, faoi réir reachtaíocht na mBallstát sin, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag an mbun-Rialachán agus ag an Rialachán cur chun feidhme maidir leis an reachtaíocht is infheidhme a chinneadh, ar choinníoll go measfar gur sa Bhallstát ina ngabhann an duine sin den chuid is mó dá ghníomhaíochta, ó thaobh ama de, laistigh de chríoch an Aontais a chinnfear áit chónaí an duine sin.

Airteagal 15

Nósanna imeachta maidir le hAirteagal 11(3)(b) agus (d), Airteagal 11(5) agus Airteagal 12 den bhun-Rialachán (maidir le faisnéis a chur ar fáil do na hinstitiúidí lena mbaineann) a chur i bhfeidhm

2. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag mír 1 maidir le daoine a chumhdaítear le hAirteagal 11(3)(d) agus le hAirteagal 11(5) den bhun-Rialachán.

Airteagal 16

Nós imeachta maidir le hAirteagal 13 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm

1. Duine a ghabhann do ghníomhaíochtaí in dhá Bhallstát nó níos mó, cuirfidh sé institiúid ainmnithe an Bhallstáit chónaithe ar an eolas maidir leis an méid sin. Féadfaidh an fostóir freisin an fhaisnéis sin a chur ar fáil ar son an duine.
2. Cinnfidh institiúid ainmnithe na háite cónaithe, gan mhoill, an reachtaíocht is infheidhme maidir leis an duine lena mbaineann, ag féachaint d’Airteagal 13 den bhun-Rialachán agus d’Airteagal 14 den Rialachán cur chun feidhme. Má chinneann an institiúid sin go bhfuil feidhm ag reachtaíocht an Bhallstáit ina bhfuil an institiúid lonnaithe, cuirfidh sí ar an eolas institiúid ainmnithe gach Ballstáit ina mbeidh gníomhaíocht ar siúl agus/nó ina bhfuil an fostóir suite faoina cinneadh maidir leis an reachtaíocht is infheidhme.

3. Má chinneann institiúid ainmnithe na háite cónaí go bhfuil feidhm ag reachtaíocht Ballstáit éigin eile, cinneadh sealadach a bheidh sa chinneadh sin, agus cuirfidh an institiúid sin ar an eolas gan mhoill institiúid ainmnithe gach Ballstáit ina bhfuil gníomhaíocht ar siúl agus/nó ina bhfuil an fostóir suite faoin gcinneadh sealadach sin maidir leis an reachtaíocht is infheidhme. Déanfar cinneadh cinnte den chinneadh sealadach sin dhá mhí tar éis d'institiúidí ainmnithe na n-údarás inniúil sna Ballstáit lena mbaineann eolas a fháil ina thaobh, murab é go gcuireann ceann amháin, ar a laghad, de na h-institiúidí sin ar an eolas institiúid ainmnithe na háite cónaí tráth nach déanaí ná dhá mhí á rá nach dtig léi glacadh leis an gcinneadh sealadach nó nach bhfuil sí ar aon fhocal ina thaobh.
5. Cuirfidh institiúid inniúil an Bhallstáit arb í reachtaíocht an Bhallstáit sin a cinneadh a bheith infheidhme, go sealadach nó go deifínideach, an duine lena mbaineann mar aon le fostóir an duine sin ar an eolas gan mhoill maidir leis an gcinneadh.

Airteagal 19

Faisnéis a sholáthar do na daoine lena mbaineann agus d'fhostóirí

3. Ach a n-iarrfar ar institiúid a d'iarr fianú den chineál dá dtagraítear thuas a eisiúint, déanfaidh sí measúnú cuí ar na fíorais is ábhartha do chur i bhfeidhm na rialacha atá leagtha amach i dTeideal II den bhun-Rialachán agus deimhneoidh sí gur slán don fhaisnéis atá san fhianú.

Airteagal 19a

Comhar i gcás amhrais faoi bhailíocht na ndoiciméad eisithe sin a bhaineann leis an reachtaíocht is infheidhme

1. I gcás ina mbeidh amhras ann faoi bhailíocht doiciméid ina dtaispeántar stádas an duine chun críocha na reachtaíochta is infheidhme nó amhras faoi chruinneas na bhfíoras ar a bhfuil an doiciméad bunaithe, iarrfaidh institiúid an Bhallstáit sin a fuair an doiciméad ar an institiúid a d'eisigh é pé soiléiriú is gá a thabhairt agus, i gcás inarb iomchuí, iarrfaidh sí go dtarraingeofaí siar nó go gceartófaí an doiciméad. Tabharfaidh institiúid na hiarrata bunús na hiarrata sin agus cuirfidh sí ar fáil pé doiciméid taca ábhartha ba chúis leis an iarraidh.

2. Ar iarraidh den saghas sin a fháil di, athbhreithneoidh an institiúid eisiúna na forais faoinar eisíodh an doiciméad agus, i gcás ina n-aimseofar earráid, tarraingeoidh sí siar an doiciméad nó ceartóidh sí é tráth nach déanaí ná 30 lá oibre tar éis di an iarraidh a fháil. [Beidh éifeacht aisghníomhach ag an tarraingt siar nó ag an gceartú sin, murab é a mhalairt a chomhaontaítear i measc na mBallstát lena mbaineann i dtaca le hAirteagal 16 den bhun-Rialachán, agus leas an té lena mbaineann á thabhairt san áireamh.]⁸ I gcás ina measann an institiúid a d'eisigh an doiciméad, de réir na fianaise atá faoin láimh aici, nach bhfuil aon cheist ach go ndearna iarratasóir an doiciméid calaois, tarraingeoidh sí siar nó ceartóidh sí gan mhoill agus le héifeacht aisghníomhach é.
3. Más amhlaidh, tar éis athbhreithniú a dhéanamh di ar na forais faoinar eisíodh an doiciméad, nach féidir léi aon earráid a bhrath, cuirfidh sí ar aghaidh chuig an institiúid a d'iarr pé fianaise dá mbeidh faoin láimh aici tráth nach déanaí ná 30 lá oibre tar éis an iarraidh a fháil di. I gcás práinne, agus a luaitear go soiléir cúis agus bunús na práinne san iarraidh, is tráth nach déanaí ná deich lá oibre tar éis an iarraidh a fháil a dhéanfar sin, bíodh is go dtarlódh nach mbeadh ceann curtha ag an institiúid lena plé de bhun fhomhír (a) thuas.
4. I gcás ina bhfuil amhras i gcónaí ar an institiúid a rinne an iarraidh, i ndiaidh an fhianaise thaca a fháil di, faoi bhailíocht an doiciméid nó faoi chruinneas na bhfóras ar a bhfuil sé bunaithe, agus go measann sí nach bhfuil an fhaisnéis ar eisíodh an doiciméad ar a bonn ceart, féadfaidh sí fianaise a chur isteach a léireodh a leithéid agus iarraidh eile ar shoiléiriú a dhéanamh agus, i gcás inarb iomchuí, iarraidh ar an institiúid eisiúna an doiciméad a tharraingt siar nó a cheartú i gcomhréir leis an nós imeachta agus leis na hamchláir a leagtar amach thuas.
5. I gcás ina bhfanann amhras ar an institiúid a fuair agus nach dtagtar ar chomhaontú idir na h-institiúidí lena mbaineann, tabharfar feidhm dá réir d'Airteagal 5(4).

⁸ Féach an Tuarascáil, Cuid II(2)(f)

Airteagal 73

Socrú sochar agus ranníocaíochtaí a tugadh go míchuí nó a íocadh i gcás deonú sealadach sochar nó athrú aisghníomhach na reachtaíochta is infheidhme

Chinn an SQWP an díospóireacht maidir le Airteagal 73 a chur siar nó go mbeifear ag plé TEIDEAL IV den Rialachán cur chun feidhme.

Achoimre ar phlé na Meithle maidir leis an Measúnú Tionchair (IA)

Ar an iomlán, bhí tromlach na dtoscaireachtaí den tuairim go rabhthas tar éis **comhthéacs an bheartais, bunús dlí agus sainmhíniú na faidhbe** a shainiú go soiléir, nó a shainiú go pointe áirithe, agus a shainaithint go ceart sa mheasúnú tionchair. Bíodh sin mar atá, chuir bunáite na dtoscaireachtaí in iúl gurbh údar inní dóibh gan aon mheasúnú tionchair a bheith ann ar na leasuithe a bhain leis an reachtaíocht is infheidhme agus leis an bpostú; mheas siad gur ceist shubstaintiúil seachas ceist theicniúil a bhí anseo. Bhí cúpla toscaireacht eile ann agus é ag déanamh inní dóibh nár tugadh údar leordhóthanach maidir le comhthéacs an bheartais ná leis an mbunús dlí a bheadh le maolú ar phrionsabal na córa combhionainne. Cuireadh in iúl gurb ábhar inní cé acu a chumhdódh nó nach gcumhdódh an bunús dlí na leasuithe atá beartaithe maidir le sochair chúraim fhadtéarmaigh. Ina theannta sin, mheas roinnt de na toscaireachtaí nár leagadh amach go soiléir na sainmhínithe i ngach cás, go sonrach an sainmhíniú a tugadh ar na sochair chúraim fhadtéarmaigh agus ar dhaoine atá neamhghníomhach ó thaobh an gheilleagair de. Bhí roinnt toscaireachtaí nach raibh sásta leis na conclúidí a cuireadh sa mheasúnú tionchair ar na sochair teaghlaigh mar nár aontaigh siad leis an anailís staitistiúil a tuairiscíodh; dar leo go raibh sé de cheart innéacsú sochar teaghlaigh a chur san áireamh sa togra seo. Cuid líon maith de na toscaireachtaí eile ina choinne seo. D'aontaigh formhór mór na dtoscaireachtaí go ndéantar **prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta** a bhunú go breá soiléir sa mheasúnú tionchair.

Bhí grúpa de na toscaireachtaí den tuairim go raibh na **cuspoirí beartais**, agus na **roghanna beartais** a cuireadh sa mheasúnú tionchair agus na tátail a baineadh as an anailís ag teacht salach ar a chéile in áiteanna; sa Mheasúnú Tionchair, tá an chuma air nach ndéantar aon chonclúidí, sin nó nach hionann iad agus na conclúidí a mholtar i gconclúidí éagsúla na rogha beartais, go háirithe maidir le sochair teaghlaigh, le síneadh a chur le hineaspórtálacht sochar dífhostaíochta agus le maolú ar an gcóir chomhionann. Cheistigh roinnt toscaireachtaí freisin cé acu a bhí nó nach raibh tacaíocht le fáil ag na roghanna beartais a bhí sa togra ó na comhpháirtithe sóisialta nó ó pháirtithe leasmhara eile, rud nach raibh amhlaidh, dar leo, de réir a raibh ar mheasúnú tionchair. Bhí toscaireachtaí eile ann a bhí sásta leis na cuspoirí beartais agus leis na roghanna beartais a cuireadh i láthair.

Mheas formhór na dtoscaireachtaí go raibh an anailís ar **thionchair** i dtaca le gach rogha a cuireadh i láthair sa mheasúnú tionchair soiléir, a bheag nó a mhór. Chuir mórán de na toscaireachtaí i bhfáth go raibh bearnaí sna **sonraí** a úsáideadh agus gur mhinic as dáta iad, rud a d'fhág nár shlán don anailís ná do na conclúidí. Bhí toscairí go leor ann nach raibh aon anailís shoiléir acu a bhí bunaithe ar shonraí maidir le síneadh a chur le sochair dífhostaíochta a easpórtáil. Cheap roinnt eile de na toscaireachtaí go raibh sé de cheart an Eilvéis a thabhairt isteach ar bhonn níos leithne sa mheasúnú tionchair, go háirithe i dtaca le sochair dífhostaíochta d'oibrithe trasteorann. Bhí grúpa de na toscaireachtaí a mheas nach raibh an anailís a rinneadh ar an tionchar eacnamaíoch sách mion cé go raibh toscaireachtaí eile a bhí ar a mhalairt intinne. Maidir leis na tionchair shóisialta, ní raibh formhór na dtoscaireachtaí sásta leis an measúnú ach go pointe áirithe. Ina theannta sin, mheas formhór na dtoscaireachtaí go raibh an measúnú ar thionchair chomhshaoil agus ar thionchair ar thomhaltóirí leordhóthanach, agus go raibh an anailís ar an tionchar ar iomaíocht sásúil nó sásúil den chuid is mó. Shíl tromlach mór de na toscaireachtaí go ndearnadh anailís shásúil ar an tionchar ar chearta bunúsacha.

Dúirt formhór na dtoscaireachtaí nach ndearnadh an tionchar **ar na costais rialála** a mheasúnú ach go pointe áirithe. Thug siad dá n-aire, go háirithe maidir le sochair dífhostaíochta d'oibrithe trasteorann, go raibh teorainn leis na sonraí a úsáideadh don anailís agus nach ndearnadh ach cuid de na tionchair a mheas i dtaca leis seo.

Mheas formhór na dtoscaireachtaí go rabhthas tar éis éisteacht a thabhairt dá raibh le rá **ag an mBord um Ghrinnscrúdú Rialála** agus lena chuid moltaí nó gur tugadh sin san áireamh den chuid is mó. Chonacthas do roinnt de toscaireachtaí go raibh easnamh ar an measúnú a rinneadh sa mheasúnú tionchair ar éileamh an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála go ndéanfaí tuilleadh anailís chainníochtúil; bhí toscaireachtaí eile den tuairim go raibh an measúnú tionchair rófhada.

Shíl gach ceann de na toscaireachtaí a d'fhreagair an cheist seo gur cuireadh i bhfeidhm **an mhodheolaíocht** iomchuí, agus gur tugadh míniú sásúil ar na teorainneacha agus ar na neamhchinnteachtaí. Bíodh is go raibh na toscaireachtaí sásta ar an iomlán nó sásta den chuid is mó faoin dóigh ar míníodh sa mheasúnú tionchair **cúrsaí faireacháin** agus na socrúithe meastóireachta agus tuairiscithe maille leis na táscairí a bhí á mbeartú, dúirt a bhformhór nach raibh dóthain faisnéise sa mheasúnú tionchair ar an tionchar a bheadh ag **spriocdháta an trasuímh**.